

LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO

PLEAN FORBARTHA 2011 - 2014

“At the moment that we persuade a child, any child, to cross that threshold, that magic threshold into a library, we change their lives forever, for the better. It’s an enormous force for good”

Barack Obama

Ár Misean

“Leabharlanna Mhaigh Eo a dhéanamh ar na
cinn is fearr in Éirinn”

RÉAMHRÁ

Is iad na leabharlanna an tseirbhís chultúrtha is fearr dá bhfuil againn agus an tseirbhís is minice a úsáidtear. Deirtear gurb iad na leabharlanna poiblí an t-aon seirbhís de chuid an Údaráis Áitiúil a bhfuil baint aici le saoránaigh ó chliabhán go cróchar, mar is minic a leanann ballraíocht agus úsáid na leabharlainne patrún na saolré. Tá sé aitheanta i ngach tuairisc agus staidéar a bhaineann leis an tsochaí faisnéise nach mór go spreagann fáil ar fhaisnéis, ar eolas agus ar tháirgí cultúrtha cuimsiú eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil na leabharlanna ag teacht níos fearr anois le spriocanna oideachais agus cultúrtha ná mar a bhí siad riamh, agus de réir bheartas an rialtais is réiteach amháin ar ár gcuid fadhbanna dífhostaíochta é geilleagar eolasbhunaithe. Ionaid shaora oscailte atá sna leabharlanna, áit a gcuirtear smaointe, faisnéis, eolas, roghanna an tsaoil agus deiseanna foghlama ar fáil do chách. Ionaid fhíorthábhachtacha shóisialta atá sna leabharlanna na laethanta seo do dhaoine atá thíos leis an lagtrá eacnamaíochta, bíodh sé go n-airíonn siad scoite amach ón bpobal de thoradh dífhostaíochta, nó go bhfuil breis ama agus ganntanas airgid sa phóca acu faoi láthair.

Cuireadh próiseas fairsing comhairliúcháin ar bun chun Plean Forbartha Leabharlainne Chomhairle Contae Mhaigh Eo (2011-2014) a ullmhú, agus fuarthas tuairimí na bpáirtithe uile is cúram dóibh seirbhís leabharlainne d'ardchaighdeán atá fócasaithe ar an gcustaiméar a sholáthar sa chontae. Tugann sé aidhmeanna Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus plean náisiúnta forbartha na seirbhíse leabharlainne (Ag Leathnú Amach – Treoracha sa Todhchaí, 2008) i gceann a chéile. Plean imleathan atá ann, ach íogar ar na tosca eacnamaíochta faoina bhfuil seirbhísí an Údaráis Áitiúil ar fad ag feidhmiú. Is é an cuspóir atá aige ná seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar i gcónaí chomh maith leis an tseirbhís leabharlainne a bhrú chun cinn i dtreo patrún oibre níos dlúithe agus níos comhtháite a fhorbairt le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta ar aon. Tá sé de rún againn dul i gcomhar le pobail chun seirbhísí a chur ar fáil agus cur chuige a fhorbairt ina gcomhroinntear na ndualgaisí soláthraithe seirbhísí.

Níor srianadh uailmhianacht ár gcuid cuspóirí sa phlean seo, ag coinnéail béime ar bhonneagar fisiciúil na leabharlann a fheabhsú in ainneoin cúinsí eacnamaíochta i láthair na huaire. Táimid tiomanta i gcónaí chun seirbhís atá ar na seirbhísí leabharlainne is fearr sa tír a sholáthar, agus cuirimid fáilte roimh na bearta chun tosaigh atá leagtha amach sa phlean seo, go háirithe ó thaobh cuimsiú sóisialta, tacaíochta don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, cuimsiú teicneolaíochta, agus rochtana de. Táimid ag súil go mór le tairbhe an phlean seo a fheiceáil agus é á chur i bhfeidhm na ceithre bliana atá romhainn.

Peter Hynes, Bainisteoir Contae

Joe Loftus, Stiúrthóir Seirbhísí, Gnóthaí Cultúrtha, Oideachais, Oidhreachta agus Corparáideacha

Michael Burke, Cathaoirleach, Comhairle Contae Mhaigh Eo

Al McDonnell, Cathaoirleach an SPC (Coiste um Beartais Straitéiseacha) um Ghnóthaí Cultúrtha, Oideachais, Oidhreachta agus Corparáideacha.

CÚLRA

Feidhmíonn seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo trí ghréasán de 15 bhrainse, chomh maith le trí dhornán seirbhísí pobail atá sa Chnoc Mór, i mBaile an Chaisil, Inis Toirc, agus Cliara, agus trí sheirbhís leabharlainne do scoileanna. Tagann seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo faoi scáth na Stiúrthóireachta um Chultúr, Oideachas, Oidhreacht agus Gnóthaí Corparáideacha de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá sé de dhualgas reachtúil orainn faoi Alt 78 an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, plean forbartha leabharlainne a ullmhú. Tugadh aird bhreithiúnach ar chuspóirí na bpleananna a leanas agus an plean seo á réiteach:

Plean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2010-2014

Straitéis Chomhtháite Bhord Forbartha Contae Mhaigh Eo, 2002-2012

Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008-2014

Plean Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2011-2014

Dréachtphlean Oidhreachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2011-2016

€2,859,873 an buiséad a bhí ag an leabharlann in 2010 chun a cuid seirbhísí a sholáthar. Íocadh an fhoireann as sin agus bhí ciste leabhar ar fiú €257,160 é mar chuid de chomh maith. Tá 50 duine fostaithe ag seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo, bainisteoir lánaimseartha Bhailiúchán Sheáin Uí Chléirigh ina measc. Bhí beagnach 27,000 duine ina mball den leabharlann in 2010, agus tógadh 572,000 leabhar ar iasacht. Cuireadh 72,000 seisiún ríomhaireachta in áirithe le linn na bliana. Reáchtálar breis is 300 imeacht in aghaidh na bliana mar chuid de chlár cultúrtha na leabharlainne, agus mealltar tuairim is 365,000 duine isteach sa leabharlann gach bliain.

RÉAMHRÁ

“Since buying books is an unimaginable luxury to those struggling to buy groceries, the only viable route towards improving those children's chances in life is the local lending library.”

Our glorious libraries civilise us, le Rowan Pelling in The Telegraph. 17 Samhain 2010

Is é sprioc dheiridh an phlean seo na imlíne a thabhairt ar bhealaí éagsúla is féidir le Seirbhís Leabharlainne Mhaigh Eo a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an úsáideora agus chun ár gcuid seirbhísí a chur ar fáil ar shlí níos nuálaí agus níos éifeachtúla. Tá fíís shoiléir, nuálach, phraiticiúil don tseirbhís leabharlainne poiblí níos riachtanaí anois ná mar a bhí sé riamh agus muid i mbun athrú ollmhór eacnamaíochta agus sóisialta. Toisc go bhfuil fáil láithreach ar eolas sa lá atá inniu ann pé áit ar domhan a bhfuil tú nach mór, ní mór dó a bheith mar chroílár d'aidhm na leabharlainne gur féidir le gach uile duine teacht ar gach cineál eolais - bíodh sé i bhfoirm thraidisiúnta nó leictreonach - in aon ionad amháin, trátha a fheileann dóibh féin. Tá sé ar chumas na leabharlainne poiblí an méid seo a sholáthar, chomh maith le timpeallacht atá oscailte agus cuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta de a chur ar fáil a fhreastlaíonn ar an bpobal iomlán agus a chuireann tábhacht na leabhar agus na meán eile i gcothú an eolais, na cruthaitheachta agus na samhlaíochta chun cinn. Cuireann leabharlanna go mór le leas eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil an phobail áitiúil. Bainfidh seirbhís mhaith leabharlainne mórspríocanna a beartais amach, agus soláthróidh siad:

- Todchaí dhearfach do pháistí agus daoine óga
- Saol sásúil do dhaoine breacaosta
- Pobail láidre, sábháilte, inbhuanaithe
- Aitheantas áitiúil agus mórtas pobail a chur chun cinn
- An léann, scileanna, agus lucht saothair a fhorbairt
- Feabhsuithe don tsláinte agus do leas ginearálta
- Comhionannas, comhtháthú pobail, agus ceartas sóisialta
- Athbheochan eacnamaíochta

Is é bunfhealsúnacht na leabharlainne poiblí ná an fhoghlaim a chothú ar fad an tsaoil. Tá ról fíorthábhacht ag bonneagar na leabharlainne i dtacú leis an ngeilleagar eolasbhunaithe. Déanfar seo trí chuidiú le daoine gnólacht a bhunú nó a fheabhsú, cabhrú le daoine scileanna teanga a fhorbairt, rochtain a thabhairt ar sheirbhísí ar líne, agus ligint do dhaoine scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim nó a fheabhsú. Cothaíonn sí braistint phobail agus muintearais trí chabhrú le daoine tascanna a chur i gcrích agus cuspóirí a bhaint amach, trí heolas pobail a sholáthar, trí thacaíocht a thabhairt do chultúr an cheantair áitiúil agus na healaíona, agus ina theannta sin ar fad cuireann sí le cáilíocht na beatha trí thimpeallacht slán sábháilte suaiseach a sholáthar.

Tugann an phlean seo staid reatha na seibhíse leabharlainne le fios, agus déanann sé measúnú ar an gcaoi is fearr chun í a chur in oiriúint do na hathruithe dinimiciúla atá romhainn sa tréimhse 2011-2014. Tá dul chun cinn nach beag déanta cheana féin i soláthar seirbhísí leabharlainne faoi *Reading the Future* – iarphean forbartha Leabharlann Mhaigh Eo – a stiúraigh a cuid forbartha idir 2006 agus 2010. Tá brainsí na leabharlainne scaipthe go forleathan is go cothrom ar fud an chontae anois, tá foireann spreagtha a bhfuil seantaithí acu i mbun oibre iontu agus tá an pobal ag baint an-leas as na brainsí chomh maith.

Tá fáil ar ár seirbhís i ngach aon baile i Maigh Eo nach mór, agus bímid i dteagmháil le daoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus atá ar chumais éagsúla ar bhonn laethúil.

Cuirimid raon deiseanna féinstiúrtha ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí i réimsí an oideachais, an eolais, na hoidhreachta, na staire agus na fóillíochta. Is léir go mbíonn an-éileamh ar ár gcuid seirbhísí agus go mbaintear an-úsáid astu nuair a chuirtear foirgnimh agus seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil ar shuíomhanna den scoth, le uaireanta oscailte, soláthar foirne agus stoc oiriúnach, sna bailte móra a bhfuil pobal mór sa cheantar máguaird chomh maith. Tá dúshlán ann i gcónaí áfach maidir le hiargúlacht shóisialta agus eacnamaíochta, le próifíl aoise úsáideoirí na leabharlainne, le leibhéal ísle litearthachta ar bhonn náisiúnta agus le foirgnimh phoiblí atá uireasach, deacair a rochtain agus sainfhaiseanta. Beidh sé níos deacra cuid de na deacrachtaí seo a réiteach anois agus airgead níos gainne ná mar a bhí. Ach tá gá fós le feabhas a chur ar inrochtaineacht cuid de na seanfhoirgnimh, caithfear athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh a tógadh sna 70í agus sna 80í, agus caithfear ciste leabhar a bheith againn chun freastal ar na héilimh choinbhéirseacha a bheidh orainn agus seirbhís leabharlainne á soláthar againn do shochaí chuimsitheach. Tarraingítear aird sa phlean seo ar na dúshlán atá romhainn ár gcuid bonneagair, ár stoc leabhar agus ár soláthar seirbhísí teicneolaíochta a fheabhsú agus a chothú, mar aon le seirbhís atá tábhachtach agus ábhartha do mhuintir Mhaigh Eo a chur ar fáil.

Tá ré na forbraíochta caipitiúla caite. Sa ré úr seo, ní mór dúinn an leas is fearr a bhaint as na háiseanna atá againn. Is é an croídhúshlán atá roimh sholáthróirí na seirbhíse poiblí ná fáinne suáilceach, ina gcuireann feabhas leanúnach agus caighdeán arda bonn láidir faoi thacaíocht láidir ón bpobal agus faoi infheistíocht ard, a chur ann in áit an fháinne dhuáilcighatá ann faoi láthair, ina mbíonn an t-athrú mall ag cur le míshásamh an phobail le caighdeán seirbhíse, rud a laghdaíonn tacaíocht an phobail agus a laghdaíonn an dóchúlacht go mbeidh infheistíocht ard ann.

Ní mór dúinn a chinntiú nach gcuirtear na feabhsuithe sin a shaothraíomar go foighdeach agus go díograiseach de dhroim seoil sa lagtrá eacnamaíochta seo agus nach gcuirtear amú iad. Is é seo an dúshlán a bheidh a bheidh faoi chaibidil sa Phlean Forbartha Leabharlainne seo.

MODHEOLAÍOCHT

Tá an cháipéis seo bunaithe ar dhiantaighde agus comhairliú, agus tugtar léiriú ann ar na cúiseanna inní atá ag na páirtithe leasmhara go léir. Gné fíorthábhachtach den taighde seo ba ea éisteacht le tuairimí mhuintir Mhaigh Eo ionas gurbh fhéidir linn dearcadh an phobail i leith ár gcuid seirbhísí a thuiscint. Rinneadh amhlaidh trí fheachtas comhairliúcháin sna meáin áitiúla chumarsáide, trí húsáid an phoist agus an ríomhphoist.

Ina theannta sin, tionóladh roinnt grúpaí fócais agus rinneadh na torthaí a chóimheas. Tionóladh na grúpaí sainleasa de dhaoine scothaosta, an lucht siúil, páistí, tuismitheoirí aonair, eagraíochtaí litearthachta, daoine dífhostaithe go fad-téarmach, agus an Fóram Pobail. Chuathas i gcomhairle le foghlaimeoirí lánfhásta, an Oifig Oidhreachta, an Oifig Pobail agus Fiontraíochta, an Oifig Ealaíon, agus le déagóirí chomh maith.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Tabharfaidh an plean forbartha (2011-2014) fócas d'obair fhoireann na leabharlainne sna ceithre bliana seo chugainn. Agus an fheidhm sin aige, déanfar athbhreithniú air gach bliain maidir leis an dul chun cinn déanta agus na gnéithe ar chóir tús áite a thabhairt dóibh. Déanfaidh an Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) de chuid na Stiúrthóireachta um Chultúr, Oideachas, Oidhreacht agus Gnóthaí Corparáideacha monatóireacht ar an bplean chomh maith.

Is croíghnéithe de phlean forbartha ar bith iad cúinsí airgeadais agus acmhainní foirne agus glactar leis go mbeidh ar an tseirbhís leabharlainne feidhmiú laistigh de líon na n-acmhainní a chuirfidh an tÚdarás Áitiúil agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil araon ar fáil di. Tapófar le gach deis áfach chun obair i gcomhar le comhlachtaí áitiúla agus náisiúnta chun a chinntiú go bhfuil seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo ar thús cadhnaíochta i dtaca le soláthar seirbhísí leabharlainne sa tír.

Déanfar monatóireacht ar an bplean chomh maith tríd na bearta a leanas:

Leagfar clár oibre amach gach bliain chun an plean a chur i gcrích. Déanfar athbhreithniú ar an gclár seo ar bhonn bliantúil.

Déanfar gléas comhairimh a shocrú ag doras gach aon brainse chun líon na gcuariteoirí ar an leabharlann a chomhaireamh go cruinn.

Bearta a fhorbairt chun cáilíocht na húsáide a bhaintear as an leabharlann a mheas i gcomhar le seirbhísí leabharlainne eile.

Barr feabhais a chur ar na socruithe atá ann maidir le haiseolas a fháil ón bpobal.

Tosaíochtaí na bliana a chomhtháthú le córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta na comhairle (PMDS).

CUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA

Is é seo an dara plean forbartha ag seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo, agus é ag leanúint den phlean dar teideal *Reading for the Future* ina leagadh amach forbairt na seirbhíse ó 2006 go dtí 2010. Rangaíodh gníomhartha an phlean sin faoi sheacht mbunchuspóir. Agus an cheist seo pléite ó shin agus comhairle faighte ina leith, tá comhaontú ann go bhfuil na bunchuspóirí sin fíorthábhachtach i gcónaí.

Is é aidhm an phlean ná gníomhaíochtaí na seirbhíse leabharlainne a chur in oiriúint do bhunluachanna tosaíochta Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, 2010-2014. Tagann an tseirbhís leabharlainne faoi scáth na Stiúirthóireachta um Chultúr, Oideachas, Oidhreacht agus Gnóthaí Corparáideacha. Tá an plean corparáideach agus plean na leabharlainne araon dírithe ar na bunluachanna céanna, is iad seirbhís d'ardchaighdeán don chustaiméir, luach airgid, cuimsiú sóisialta, bainteachas comhphobail, nuálaíocht, comhar, agus comhairliú. Leagtar béim láidir ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta toisc gur seirbhís oscailte í seirbhís leabharlainne poiblí de réir a sainmhínte.

Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin seo, aithníodh seacht mbunchuspóir a bheidh mar bhonn leis an bPlean Forbartha Leabharlainne:

- 1. Leabhair agus léitheoireacht a spreagadh agus a chur chun cinn**
- 2. Leabharlann atá ar fáil do chách**
- 3. Foghlaim fad saoil a chothú agus eolas áitiúil agus domhanda a chur ar fáil**
- 4. Leabharlann atá ina hionad cultúrtha agus samhlaíochta**
- 5. Margaíocht agus fógraíocht a úsáid chun acmhainn na leabharlainne agus a cuid seirbhísí a chomhlíonadh**
- 6. Oidhreacht bhéil, cheoil, fhótagrafach agus scríofa Chontae Mhaigh Eo a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil do chách**
- 7. An tseirbhís leabharlainne a bhainistiú agus a fhorbairt mar eagraíocht foghlama**

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 1

Leabhair agus léitheoireacht a spreagadh agus a chur chun cinn

Leasaíodh cur chuige na seirbhíse leabharlainne go neamhgháireadach le deich mbliana anuas – leasú ó bheith ina soláthraí neamhghníomhach leabhar go dtína bheith ina seirbhís shóisialta bheoga léitheoireachta. Tá príomhaíocht na leabhar curtha chun cinn againn arís, bíodh sé d’fhonn tuiscint nó eolas a fháil, nó mar chaitheamh aimsire. D’úsáideamar clubanna leabhar, scéimeanna samhraidh léitheoireachta, cláir údar, léirmheasanna leabhair ar shuíomh idirlín na leabharlainne, uirlisí líonraithe shóisialta agus chuireamar oiliúint i bhforbairt léitheoirí ar fhoireann na leabharlainne chun an sprioc seo a bhaint amach. Is é bailiúchán leabhar na leabharlainne an phríomhacmhainn atá aici, agus tá ról nach beag aige i gcothú pobail trí raon leathan ábhar a chur ar fáil chun a mianta a shásamh. Cuirfear béim ar an léitheoireacht i gcónaí mar chuid de ghníomhaíochtaí na leabharlainne, agus beidh tuilleadh saineolais ar fáil sa réimse seo de réir mar a fhreastlaíonn an fhoireann go léir ar chúrsa oiliúna na foirne tosaigh.

Barr feabhais a chur ar an gclár forbartha léitheoirí le clubanna leabhair, taispeántais, agus scéimeanna nuálacha ceaptha chun daoine nua a mhealladh chuig an léitheoireacht.

Oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le forbairt léitheoirí, le béim ar leith leagtha ar chúrsa oiliúna na foirne tosaigh.

Líon na dturas scoile chuig brainsí na leabharlainne a mhéadú.

Clár imeachtaí na bpáistí a fhorbairt go mbeidh imeachtaí ar siúl ar feadh na bliana.

Taighde a dhéanamh chun féachaint an mbeadh sé indéanta cárta ballraíochta ar leith a thairiscint do pháistí.

Cláir shamhraidh léitheoireachta do pháistí a eagrú i ngach brainse.

Acmhainní saintacaíochta litearthachta a fhorbairt agus a chur chun cinn chun forbairt léitheoireachta i scoileanna a fheabhsú. Cuirfear béim ar leith ar scoileanna faoi mhíbhuntáiste.

Obair i gcomhar le cláir idirbhliana, Clubanna Gan Ainm, Dáil na nÓg agus ógeagraíochtaí eile chun déagóirí a spreagadh chun léitheoireachta.

Treoracha sainiúla de stoc na leabhar atá againn a ullmhú agus a chur chun cinn (i bhfoirm chló nó go leictreonach), á ndíriú ar ghrúpaí ar nós déagóirí faoi mhíbhuntáiste nó fear a chónaíonn ina n-aonar.

Clubanna leabhair a bhunú atá dírithe ar ghrúpaí ar leith – ar nós páistí scoile, déagóirí, nó Gaeilgeoirí.
Maidineacha do thuismitheoirí agus lapadáin a chur ar bun mar a bhfeictear gá a bheith leo.

Tuilleadh úsaid a bhaint as na meáin áitiúla chumarsáide chun leabhair agus léitheoireacht a chur chun cinn.

Suíomh idirlín na leabharlainne a úsaid chun léitheoireacht a chur chun cinn trí léirmheasanna ar leabhair, liostaí leabhair ardmholta, Facebook agus na meáin úra.
Raon leathan ábhar a bheith againn chun freastal ar dhaoine ar chumais éagsúla litearthachta.

Obair i gcomhar le gníomhaireachtaí litearthachta i gContae Mhaigh Eo chun dul i ngleic le fadhbanna litearthachta sa chontae.

An sprioc per capita atá molta go náisiúnta don chiste leabhar de €3.77 a bhaint amach faoi dheireadh thréimhse an phlean seo.

Bheith gníomhach i dtreo socrúithe a dhéanamh le hinstiúidí tríú leibhéal sa cheantar maidir le hiasachtaí idirleabharlainne.

Féile leabhar a chur ar bun sa chontae le linn thréimhse an phlean seo.

Breathnaigh an mbeadh sé indéanta painéil chomhairliúcháin de dhéagóirí a bhunú chun comhairle a thabhairt i dtaobh rogha leabhar don aoisghrúpa sin.

Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhíse leabharlainne do scoileanna i gcomhthéacs deireadh a bheith curtha le deontas na leabharlann scoile in 2009. Leagfar béim ar leith ar an léitheoireacht a spreagadh.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 2

Leabharlann atá ar fáil do chách

Tá cuimsiú sóisialta ina ghné lárnach d'fhealsúnacht Leabharlann Chontae Mhaigh Eo. “Ar fáil do chách” an mana atá againn maidir lenár gcuid seirbhísí. Cé go gcinntíonn ciste imleor leabhar go mbeidh raon leathan stoc d'ardchaighdeán sa leabharlann, is beag leas a bhainfear as má bhíonn an foirgneamh féin mítharraingteach nó deacair a rochtain. D'ainneon an fhairsingithe a rinneadh ar chlár caipitil na leabharlainne le linn thréimhse

an “Tíogair Cheiltigh”, tá athchóiriú de dhíth ag roinnt de na seanbhraisí atá ag strachailt le híomha a chruthú dóibh féin atá ar aon dul le hÉirinn na linne seo. Tugann an plean seo tosaíocht do bhearta inrochtana ar ár gcuid seirbhísí trí bhraisí nua leabharlainne a sholáthar, seanbhraisí a athchóiriú, agus trínár gcuid ábhar agus seirbhísí a chur ar fáil pé áit agus pé uair a bhfuil siad ag teastáil, agus i bhfoirm atá feiliúnach don úsáideoir. Is é an aidhm atá againn ná leabharlanna bríomhara fáilteacha a bheith againn, in áit a bheith ciúin agus gruama. Breathnóimid isteach ar an bhféidirtheacht ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach atá níos “cliste” agus níos comhtháite trí chaidrimh a fhorbairt le gníomhaireachtaí eile poiblí agus grúpaí pobail.

Ba chóir suíomh lárnach a bheith ag na brainsí nua ar fad, ba chóir aghaidh inrochtana a bheith ag an bhfoirgneamh, 1,500 troigh cearnacha ann le húsáid ag an leabharlann amháin, agus dótháin spásanna páirceála a bheith ar fáil.

Éagsúlacht agus caighdeán ár gcuid brainsí a fheabhsú, ag leagadh béime ar rochtain fhisiciúil, shóisialta agus chultúrtha.

Spás ilfheidhmeach a bheith fágtha i ngach ceann de na leabharlanna nua le húsáid i gcomhair imeachtaí pobail, cultúrtha agus oideachais.

Tuilleadh limistéar neamhfhoirmiúil a chur ar fáil sna leabharlanna móra, áit ar féidir le daoine cupán caife a ól agus comhrá a bheith acu.

Áiseanna nua leabharlainne a sholáthar i mBéal Átha na Muice agus i gCathair na Mart.

Gréasán na mbrainsí leabharlainne a fhairsingiú i gcónaí trí phointí seirbhíse a bhunú in iarthuaisceart agus i ndeisceart Mhaigh Eo agus i mBaile Uí Fhiacháin.

Gréasán na mbrainsí leabharlainne a neartú trí shíntí a chur le brainsí nó trí leabharlanna nua a sholáthar i mBéal Átha hAmhnais, i gClár Chlainne Mhuiris agus i gCrois Mhaoilíona.

Obair i gcomhar le grúpaí pobail agus eagraíochtaí ar nós Oifigí Poist, hallaí pobail, oifigí turasóireachta agus siopaí chun leabharlanna beaga a chur ar fáil in áiteanna iargúlta nach bhfuil an bonneagar ann chun seirbhís a sholáthar ar aon bhealach eile.

An tseirbhís chuig na tithe altranais sa chontae a chothú agus a fheabhsú.

An clár a sholáthraíonn rampaí, bealaí isteach níos leithne, spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, comharthaí srl. chun a chinntiú go bhfuil rochtain fhisiciúil ag cách ar ár gcuid brainsí a chothú.

Bheith cinnte go mbaintear úsáid inbhuanaithe choigilteach as fuinneamh sna leabharlanna ar fad.

Cláir litearthachta a fhorbairt do dhaoine fásta i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha.

Measúnú féidearthachta a dhéanamh ar sheirbhís iasachta leabhar a fhorbairt dóibh siúd nach féidir leo teacht chuig ár bpointí seirbhíse – seirbhís poist do dhaoine atá gafa sa teach mar shampla.

Ballraíocht a bheith saor in aisce do chách faoi 2014.

Tréaniarracht a dhéanamh páirt a thabhairt do ghrúpaí imeallacha sna himeachtaí uile.

Uasghradú a dhéanamh ar na háiseanna foirne i mbrainsí nuair is féidir.

Breathnaigh isteach ar an bhféidirtheacht "Leabharlanna Búitíc" a dhéanamh dár leabharlanna beaga. In áit mionshamhailt dár leabharlanna móra agus blaiseadh de gach saghas rud a bheith iontu, d'fheadfaí an stoc a bheadh iontu a roghnú go speisialta chun freastal ar mhianta a bpobal féin.

Bain úsáid as uirlisí líonraithe shóisialta agus as teicneolaíocht dhigiteach chun an nasc idir an leabhar agus an leabharlann a neartú agus chun deiseanna a thabhairt dár n-úsáideoirí ábhar a chur leis.

Wifi a bheith ar fáil sna foirgnimh leabharlainne ar fad.

Leanúint den obair chun ár suíomh idirlín a chur in oiriúint do dhaoine le lagamharc.

Déan fiosrú ar na buntáistí agus na costais a bheadh le córas aitheantais radaimhnicíochta (RFID) a úsáid i gcomhair bainistiú stoic.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 3

Foghlaim fad saoil a chothú agus eolas áitiúil agus domhanda a chur ar fáil

Tá luí níos láidre ag daoine anois ná riamh chun tionóil, eolas a roinnt agus modhanna nua foghlamtha a lorg. Tá glactha leis sa lá atá inniu ann nach é críochnú na scoile nó na ollscoile críoch na foghlamtha. Aithníonn an Rialtais go gcaithfear leas a bhaint as an teicneolaíocht agus muid ag dréim le geilleagar eolasbhunaithe “cliste”. Tá sé aitheanta go forleathan chomh maith go gcaithfear dul i ngleic le fadhbanna litearthachta, agus oiliúint a chur ar dhaoine fágtha ar gcúl ó thaobh na teicneolaíochta de.

Aithnítear digitú agus fáil ar sheirbhísí leabharlainne 24 uair sa lá mar mhodhanna tacaíochta cianoideachais agus cianfhoghlamtha. Ba chéim mhór chun cinn é tionscnaimh leabharlannbhunaithe a eagrú chun tacú leo siúd ar mhian leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna léitheoireacha, a gcuid litearthachta sa teicneolaíocht faisnéise, agus foghlaim féinstiúrtha a dhéanamh d'fhonn post a fháil. Cuireann Tionscnamh Ríomhfhoghlama FÁS – atá ar fáil i dtrí cinn de leabharlanna Mhaigh Eo – cúrsaí oiliúna ar líne ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí na leabharlainne maille le tacaíocht ó éascaitheoir tiomnaithe.

De réir ceann de na staidéir is mó agus is cuimsithí dá ndearnadh riamh ar na tionchair a chinneann céim an oideachais a bhainfidh páiste amach, is é an bealach is fearr chun cuidiú le páistí éirí leo sa saol ná leabhair a chur ar fáil dóibh sa bhaile. Tá sé níos tábhachtaí fiú ná caighdeán oideachais a dtuismitheoirí, olltáirgeacht intíre na tíre, gairm an athair, nó córas polaitiúil na tíre (Research in Social Stratification and Mobility, 2010). Is léir ó staidéir éagsúla go bhfuil dlúthbhaint idir céimeanna léitheoireachta agus úsáid na leabharlainne, rud a chuireann in iúl go bhfuil sé fíorthábhacht a bheith gníomhach at leibhéal na bunscoile chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. Ta acmhainneacht ollmhór ag an leabharlann chun an fhoghlaim a chothú agus a spreagadh in ainneoin deireadh a bheith curtha le tacaíocht don tSeirbhís Leabharlainne Scoile sa bhliain 2009.

Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do lucht cianfhoghlama trí sheirbhís 24/7 a chur ar fáil le rochtain ar leabhair dhigiteacha, closleabhair is féidir ioslódáil, léarscáileanna agus grianghraif ar líne.

Tuilleadh cúrsaí ar bhunscileanna ríomhaireachta a reáchtáil, ar nós na gceann a chuirtear ar fáil do dhaoine scothaosta agus trí FÁS.

Tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ag lorg poist – scileanna CV, scileanna IT, comhairle maidir le gnó a bhunú, srl.

Cumarsáid a dhéanamh le sciar leathan dár gcuid úsáideoirí tríd na meáin shóisialta ar líne atá éifeachtúil ó thaobh costais de - Facebook, blaganna, ríomhírisí, srl.

Clár a bhunú chun podchraoltaí a dhéanamh d'imeachtaí i leabharlanna.

Seirbhís ríomhleabhair a fhorbairt.

Tuilleadh nascanna **chuig** suíomh idirlín na leabharlainne a chruthú ó shuíomhanna eagraíochtaí ábhartha.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís a sholáthraímid do bhunscoileanna i gcomhthéacs deireadh a bheith curtha leis an deontas don tSeirbhís Leabharlainne Scoile. Féachfar chuig an tseirbhís sin a chomhtháthú leis an tseirbhís ghinearálta ach leas a bhaint i gcónaí as an saineolas atá aige i dtaobh an litearthacht a úsáid mar uirlis chúnta do pháistí faoi riachtanais speisialta agus páistí i gceantracha faoi mhíbhuntáiste.

Cuirfear é seo i gcrích tríd na bearta a leanas:

- Seirbhís chomhairle a sholáthar do mhúinteoirí agus tuismitheoirí, ina dtairgtear ceardlanna, seisiúin feasachta reatha agus comhairle.
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí forbartha léitheoireachta sna brainsí.

- Comhpháirtíocht níos dlúithe a fhorbairt le scoileanna chun tacú leis an gcuraclam.
- Seirbhís chun cúirteanna malartaithe leabhar a sholáthar.
- An tionscadal idirghabhála litearthachtbhunaithe, atá á reáchtáil ag Leabharlann Contae Mhaigh Eo agus Seirbhís Teiripe Urlabhra agus Teanga FSS an Iarthair i gcomhar lena chéile, a fhorbairt agus a fhairsingiú.

Brainsí a spreagadh chun naisc níos dlúithe a fhorbairt le scoileanna áitiúla trí thacaíocht a thabhairt leis an gcuraclam agus le hobair bhaile.

Leanúint den obair i gcomhar le scoileanna, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo, agus Ionad Oideachais Mhaigh Eo.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 4

Leabharlann atá ina hionad cultúrtha agus samhlaíochta

Tá cultúr ársa saibhir againn anseo i Maigh Eo a chaithfimid a chaomhnú agus a chothú. Tá ról tábhachtach ag Leabharlann Chontae Mhaigh Eo i saol cultúrtha an chontae. Eagraítear breis is 300 imeacht in aghaidh na bliana mar chuid de chlár imeachtaí na leabharlainne, ina measc bíonn léamha, taispeántais, ceardlanna, léachtaí, agus imeachtaí pobail agus ealaíon. Tá roinnt de na daoine is mó le rá i réimse na scríbhneoireachta agus an chultúir meallta chuig an gcontae ag an leabharlann mar chuid dá clár bliantúil imeachtaí. I measc na bhféilte ar an gclár sin tá Féile Bealtaine, Féile Leabhar na bPáistí, Seachtain na Gaeilge, an tSeachtain Oidhreachta, an tSeachtain Eolaíochta, Seachtain na Leabharlann in Éirinn, Féile EDGE i mBéal an Átha, Féile na Gréine Rollaí, agus roinnt clár léitheoireachta do pháistí.

Leanfaidh an leabharlann uirthi ag cur le saol bríomhar cultúrtha Mhaigh Eo tríd na bearta a leanas:

Cuirfimid borradh faoinár gclár cultúrtha a bhíonn ar siúl ó cheann ceann na bliana ó thaobh raon ábhar agus nirt de.

Oibreimid i gcomhar le heagraíochtaí náisiúnta cultúrtha agus oidhreachta chun an clár atá againn cheana féin a fhorbairt agus a chomhordú.

Ní bheidh aon mhaolú ar ár dtiomantas don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann, rud a léireimid tríd na bearta a leanas:

- Na bailiúcháin Ghaeilge atá againn a fhorbairt.
- An comhpháirtíocht atá againn le hOifigeach na Gaeilge, Foras na Gaeilge, agus Glór Mhaigh Eo a chothú.
- Seachtain na Gaeilge a fhorbairt agus a fhairsingiú.

- Imeachtaí Gaeilge a eagrú mar chuid de gach clár de chuid na leabharlainne.

Clár struchtúrtha léachtaí a fhorbairt.

Imeachtaí le téama a eagrú a bhfuil leabhair mar ghné lárnach díobh - cócaireacht, garraíodóireacht, caitheamh aimsire mar shampla.

Áiseanna le haghaidh taispeántais a sholáthar, mar aon le tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí áitiúla pobail, ealaíon agus oidhreachta

Taispeántas ar ghnéithe éagsúla d'oidhrecht Mhaigh Eo a dhearadh agus chur ar chamchuart gach bliain.

A chinntiu go nglacann togha agus rogha na n-ealaíontóirí agus na scríbhneoirí páirt in imeachtaí agus cláir na leabharlainne.

A chinntiú go gcuirtear spásanna ilfheidhmeacha ar fáil sna brainsí nua ar fad.

Cartlann ceoil thraidisiúnta Mhaigh Eo a chruthú i leabharlann Bhéal an Átha.

Obair i gcomhar le hOifig Ealaíon an Chontae, mar a rinneadh roimhe seo, maidir le cláir ar leith, Féile EDGE agus an Lá Náisiúnta Filíochta mar shampla.

Páirt a ghlacadh i gclár 'Music PAL' chun eolas agus ábhair a bhaineann le cúrsaí ceoil a chur ar fáil i roinnt leabharlann poiblí mar aon le seirbhísí cartlainne.

Comhoibriú agus tacaigh le cumainn áitiúla staire, seandálaíochta agus ghinealais sa chontae.

An clár 'Am Scéalaíochta' a fhairsingiú do na brainsí lánaimseartha ar fad

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 5

Margaíocht agus fógraíocht a úsáid chun acmhainn na leabharlainne agus a cuid seirbhísí a chomhlíonadh

Tá cúrsaí margaíochta fíorthábhacht do rath ár gcuid seirbhíse. Ó thaobh leabharlannaíochta de, táimid aistrithe ó ré na teirce go ré na fliúrse – tá leabhair ar fáil i ngach áit ó siopaí carthanachta go Amazon.com. Tá an t-idirlíon agus Wifi ar fáil go forleathan chomh maith. Is é an dúshlán atá romhainn ná branda suaithinseach a chruthú. Ó thaobh caidreamh poiblí de, níl a shárú le fáil ar chustaiméir sásta. Tá sé de bhua againn gur dream áitiúil muid a bhfuil muinín ag an bpobal asainn. Tá bonneagar láidir againn ó thaobh foirgneamh agus teicneolaíochta de, agus tá stoc cuimsitheach leabhar againn. Tá sé fúinn anois an leabharlann a dhéanamh ar an bhfoirgneamh is tarraingtí sna bailte:

É a bheith d'aidhm againn ballraíocht sa leabharlann a mhéadú go 30% de phobal na tíre faoi 2014.

É a bheith d'aidhm againn líon na gcuartheanna chuig an leabharlann a mhéadú 10% faoi 2014.

Clár taighde margaidh ar na daoine nach n-úsáideann an leabharlann a choimisiúnú i bpáirt le Roinn Gnó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo.

Bileoga eolais agus bolscaireachta a sheoladh chuig gach teaghlach i gContae Mhaigh Eo in aghaidh na bliana, ag díriú ar ár bpríomhsheirbhísí buana.

Modh cláraithe chun ballraíochta ar líne a fhorbairt.

Colún rialta ar Nuacht na Leabharlainne a thosú agus a chothú sna nuachtáin ar fad i Maigh Eo.

Bunachar sonraí de sheoltaí ríomhphoist agus uimhreacha fóin phóca na mball ar fad a chruthú agus a chothú.

Bunachar sonraí de phróifílí na léitheoirí a chruthú chun moltaí a dhéanamh amhail a dhéantar ar Amazon.com.

Suíomh idirlín na leabharlainne a úaid chun ár stoc leabhar a chur chun cinn.

Nuachtlitir mhíosúil a chruthú le scaipeadh ar an ríomhphost.

Laethanta oscailte a eagrú chun an tseirbhís a chur chun cinn.

Maithiúnas fíneálacha agus ballraíocht saor in aisce a chur ar fáil ar laethanta áirithe.

Taispeántais a dhéanamh in ionad siopadóireachta, ionaid pobail agus áiteanna eile a mbíonn sluaite daoine.

Laethanta chun “Aithne a chur ar na Comharsana” a thosú in eagraíochtaí áitiúla ar nós gnóthais agus grúpaí pobail.

Ballraíocht saor in aisce a chur ar fáil faoi 2014.

Leas a bhaint as uirlisí líonraithe shóisialta agus teicneolaíochtaí Web 2 chun díriú ar ghrúpaí ar leith, ar nós déagóirí.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 6

Oidhreacht bhéil, cheoil, fhótagrafach agus scríofa Chontae Mhaigh Eo a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil do chách

Is gnách do ghnéithe áirithe de chultúr a bheith imeallach, agus is furasta iad a chailliúint i saol atá ag síorathrú ó thaobh déimeagrafaíochta agus ó thaobh an gheilleagair de, cé go

mbíonn an chuma air gur saol daingean buanseasmhach é. Athraíonn agus fabhraíonn gach cultúr áfach, agus déantar stair de – stair a choinnítear nó a chailltear. Tá an t-ád ar Chontae Mhaigh Eo go bhfuil bailiúchán saibhir d’ábhar áitiúil stairiúil aici atá ar fáil go forleathan sna ceantair áitiúla féin chomh maith le bheith ag cur le turasóireacht chultúrtha sa chontae. Is i Leabharlann Chaisleán an Bharraigh a fhaightear an áis taighde is tábhachtaí dá bhfuil ann maidir le stair, seandálaíocht, litríocht agus cultúr Chontae Mhaigh Eo. Táthar ag cur lenár gcnuasach staidéar áitiúil le hochtú bliain anuas, agus cuimsíonn sé leabhair, irisí, nuachtáin, léarscáileanna, ábhar digitithe, micreascannáin agus grianghraif. Is táscaire maith é ar dhúthracht sheasmhach fhoireann na leabharlainne óna bunús i leith é fairsinge agus uathúlacht an chnuasaigh seo.

Togra digitithe Nuachtáin Mhaigh Eo a chríochnú.
Colún oidhreachta a scríobh sna nuachtáin áitiúla.
Nascanna le diaspóra Mhaigh Eo a neartú trí heolas a sholáthar dóibh, seirbhís ginealais, agus bailiúchán oidhreachta an diaspóra a fhorbairt.
Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh a oscailt i mBéal an Átha in 2011.
Cur chuige onghníomhach a ghlacadh maidir le cáipéisí stairiúla a bhaineann le Maigh Eo a lorg agus a fháil, bíodh sé ó bhailiúcháin príobháideacha nó phoiblí.
An chomhpháirtíocht le Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh a neartú chun sineirgí a chruthú agus chun dúbláil ar acmhainní a sheachaint.

Cartlann a chruthú don chontae, agus beartas a fhorbairt i dtaca le hábhar a bhailiú, a stóráil agus a chur ar fáil.

An clár digitithe grianghraf atá ar siúl faoi láthair a chothú agus a fhairsingiú.

Clár leanúnach a chur i bhfeidhm chun bunfhoinsí staire áitiúla a dhigitiú.

Tuilleadh maoinithe a thabhairt chun bailiúcháin speisialta de leabhair, priontaí, léarscáileanna srl. a bhaineann le Contae Mhaigh Eo a fhorbairt.

Beartas a bhunú a spreagann daoine chun a gcuid bailiúchán príobháideach a bhronnadh ar an leabharlann.

Leanúint den tseirbhís ghinealais a fhorbairt i gcomhar le gníomhaireachtaí eile ginealais sa chontae.

CUSPÓIR CORPARÁIDEACH 7

An tseirbhís leabharlainne a bhainistiú agus a fhorbairt mar eagraíocht foghlama

Tá sé léirithe ag foireann Leabharlann Mhaigh Eo go bhfuil sé ar a gcumas acu a bheith nuálach, solúbtha agus cruthaitheach chun seirbhís den scoth a sholáthar. Tíocfaidh laghdú ar líon na foirne a bheidh againn le linn thréimhse an phlean seo, agus beidh orainn tuilleadh leasa a bhaint as níos lú acmhainní. Déanfar seo trí oiliúint agus forbairt, agus trí theicneolaíochtaí nua a úsáid. Ach tabharfar tosaíocht i gcónaí do shláinte agus sábháilteacht ár bhfoireann.

Cuirfimid oiliúint chuí ar an bhfoireann, ag cloí le laicisí an bhuiséid, agus déanfaimid an t-eolas úr seo a úsáid chun leasa an chórais.

Tabharfaimid tús áite d'oiliúint i réimse an tSláinte agus Sábháiltachta agus i gCosaint Leanaí.

Cuirfimid an fhoireann faoi oiliúint chun é a chur ar a gcumas na forbairtí is úra i réimse na teicneolaíochta faisnéise a thuiscint agus a úsáid.

Sraith chruinnithe rialta de chuid an luchta shinsearaigh bhainistíochta a eagrú.

Tuilleadh deiseanna a thabhairt don fhoireann freastal ar chruinniú bliantúil aiseolais agus comhairliúcháin.

Athbheithniú a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar shlándáil na foirne ar bhonn leanúnach.

Beartas Cosanta Leanaí a ghlacadh don tseirbhís leabharlainne.

Leanúint de dheiseanna a thabhairt don fhoireann taithí a fháil ar an gcleachtas is fearr ó thaobh nuálaíochta i seirbhísí leabharlainne in Éirinn agus san Eoraip.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta sa leabharlann a chur i bhfeidhm i bpáirt le beartais Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Nósanna imeachta soláthair atá éifeachtach agus trédhearcach a fhorbairt chun seirbhís ar chaighdeán níos fearr a sholáthar.

CONCLÚID

Le hachóimre a dhéanamh air, is ardseirbhís i seirbhís leabharlainne Mhaigh Eo a mbaintear an-leas aisti agus a bhfuil ardmheas uirthi. Tá líon ard dár gcuid custaiméirí sásta linn agus baineann an pobal an iliomad cineál úsáide as an tseirbhís. Tá sé ríthábhachtach dá bhrí sin go ndéantar tuilleadh forbartha ar sheirbhísí leabharlainne sa chontae chun deiseanna cuimsitheacha cultúrtha agus oideachais a sholáthar agus chun é a bheith ina fhórsa comhtháthaithe sóisialta agus cultúrtha. De réir mar a fhorbraítear seirbhísí leabharlainne sa chontae, beidh sé ar a chumas acu ról lárnach idirghabhála a ghlacadh i saol cultúrtha Chontae Mhaigh Eo, tráth a bhfuil inní ar an rialtas náisiúnta agus áitiúil araon faoi cheannaireacht agus rannpháirtíocht shibhialta, faoi fhorbairt chultúrtha agus gheilleagrach, agus faoi chaidrimh dhearfacha phobail agus pobail rathúla inbhuanaithe.

Áis phoiblí a bhfuil ardmheas ag an bpobal uirthi is ea an leabharlann phoiblí, áis a fhreastlaíonn ar riachtanais an phobail chomh maith le faisnéis, eolas, cultúr agus oideachas a chur ar fáil do chách. Tugann an plean seo aird ar ról na leabharlann mar acmhainní sibhialta dá gcuid pobal, agus breathnaítear orthu mar ionaid gníomhartha pobail, oideachais, agus siamsaíochta; á léiriú go follasach gach uile lá fiúntas deimhneach infheistíocht na Comhairle. Cuideoidh an plean seo le leabharlanna Mhaigh Eo a thiontú ina seirbhís fhreagrúil, ábhartha, sholúbtha agus luachmhar a bhfuil sé ar a cumas aici daoine a spreagadh agus a saolta a thiontú chun feabhais.

FOCAL BUÍOCHAIS

Is mian le lucht bainistíochta na seirbhíse leabharlainne buíochas ó chroí a ghabháil leo siúd a rinne aighneachtaí ar an bplean seo, le foireann dhúthrachtach na leabharlainne, le baill an Choiste um Beartais Straitéiseacha le haghaidh Cultúir, Oideachais, Oidhreacht agus Gnóthaí Corparáideacha, agus le comhaltaí tofa agus lucht bainistíochta na comhairle agus gach duine a chuidigh leis an bplean seo a chur i dtoll a chéile.